



2026/1786

24.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1786 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Iúil 2026

maidir le tintiúr basal ó *Ocimum basilicum* L. a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin foráiltear maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar bhreiseáin a údaraíodh de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) Rinneadh an tsubstaint tintiúr basal ó *Ocimum basilicum* L. a údarú gan teorainn ama, i gcomhréir le Treoir 70/524/CEE, mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Ina dhiaidh sin cuireadh an tsubstaint sin isteach i gClár na mbreiseán beathaithe mar tháirge a bhí ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas maidir le tintiúr basal ó *Ocimum basilicum* L. a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, agus iarradh ann go n-aicmeofaí an breiseán sin i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas.
- (4) D'iarr an t-iarratasóir go ndéanfaí an breiseán a údarú freisin lena úsáid in uisce óil. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ní cheadaítear 'comhdhúile blaistithe' a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsáid an bhreiseáin seo in uisce óil a cheadú.
- (5) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 24 Meitheamh 2025 ⁽³⁾ nach bhfuil aon ábhar inné sábháilteachta ag baint le tintiúr basal ó *Ocimum basilicum* L. maidir le hainmhithe gearrshaolacha (speicis lena ramhrú) agus nach dócha go spreagfaidh sé éifeachtaí díobhálacha in ainmhithe fadsaolacha agus atáirgthe suas le huastiúchaintí áirithe a shonraítear a thuilleadh sa tuairim sin le haghaidh gach speicis. Thairis sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár sainaithníodh aon ábhar inné sábháilteachta do thomhaltóirí ná don chomhshaol tar éis tintiúr basal ó *Ocimum basilicum* L. a úsáid. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin gur cheart a mheas gur greannaitheoir craicinn agus súl agus gur íogróir deirmeach agus riospráide tintiúr basal ó *Ocimum basilicum* L.. Chuir an tÚdarás in iúl go bhféadfadh úsáideoirí neamhchosanta a bheith nochta do mheitileoganól agus eistriogól agus an breiseán á láimhseáil acu agus, dá bhrí sin, gur cheart nochtaidh na n-úsáideoirí a íoslaghú, chun an riosca a laghdú. Ina theannta sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid, ós rud é go bhfuil tintiúr basal ó *Ocimum basilicum* L. aitheanta mar bhlástán bia agus ós rud é go mbeadh an fheidhm chéanna aige i mbeatha, go bunúsach, is atá aige i mbia, nach bhfuil gá le haon léiriú éifeachtúlachta breise. D'fhóraigh sé freisin an tuarascáil ar an modh anailíse ar na breiseáin beathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1970/524/oj>).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2025 ;23(7), e9543. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9543>.

- (6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann tintiúr basal ó *Ocimum basilicum* L. na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substainte sin a údarú mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Maidir le meitileoganól agus eistriogól, substaintí ar údar imní iad, a bheith i dtintiúr basal ó *Ocimum basilicum* L., measann an Coimisiún gur gá uaschion a shocrú san ábhar beatha iomlán. Measann sé freisin go gceadaítear tintiúr basal ó *Ocimum basilicum* L. a úsáid go comhuaineach le breiseáin eile, ar choinníoll go bhfuil go bhfuil an cion eistriogóil agus meitileoganóil in ábhair bheatha agus i mbeatha chumaisc faoi bhun an chion a bheadh ann mar thoradh ar úsáid an bhreiseáin a bhfuil an cion is airde eistriogóil agus meitileoganóil ann, as measc gach breiseán beathaithe údaráithe, ag an uaschion nó an cion molta don speiceas lena mbaineann nó don chatagóir ainmhíoch. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.
- (7) Ós rud é nach gá na modhnuithe ar choinníollacha údaráithe na substainte lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do pháirtithe leasmhara ionas gur féidir leo iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn, ar substaint í a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe', údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. An breiseán beathaithe tintiúr basal ó *Ocimum basilicum* L., mar a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE, agus na réamh-mheascáin a bhfuil an breiseán sin iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 13 Feabhra 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 13 Lúnasa 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 13 Lúnasa 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 13 Lúnasa 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.
3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 13 Lúnasa 2028 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 13 Lúnasa 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

*Airteagal 3***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg de bhreiseán/kg de bheatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe								
2b308-t	Tintiúr basal	Comhdhéanamh an bhreiseáin	Turcaithe lena ramhrú	—	—	87	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa. 3. Ceadaítear úsáid chomhuaineach tintiúir bhasal ar choinníoll go bhfuil an cion eistriogóil agus meitileoganóil in ábhair bheatha agus i mbeatha chumaisc faoi bhun an chion a bheadh ann mar thoradh ar úsáid an bhreiseáin a bhfuil an cion is airde eistriogóil agus meitileoganóil ann, as measc gach breiseán beathaithe údaráithe, ag an uaschion nó an cion molta don speiceas lena mbaineann nó don chatagóir ainmhíoch.	an 13 Lúnasa 2036
		Tintiúr ó dhuilleoga triomaithe <i>Ocimum basilicum</i> L.	Sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú	—	—	65		
		Foirm leachtach	Gach éanlaith chlóis a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin	—	—	97		
		<i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i>	Éin ornáideacha	—	—	97		
		Tintiúr basal:	Gach speiceas éanlaithe clóis le bheith ina mbéaróga agus le haghaidh pórúcháin	—	—	97		
		Tintiúr mar atá sainithe ag an gComhairle Eorpach, ⁽¹⁾ a fhaightear ó dhuilleoga triomaithe <i>Ocimum basilicum</i> trí eastóscadh leathnaithe le meascán tuaslagóra uisce/ eatánóil, fáscadh agus scagadh.	Muca lena ramhrú	—	—	140		
		Uimhir CE: 283-900-8	Muca de mhionspeicis <i>Suidae</i> lena ramhrú	—	—	140		
		Uimhir CAS: 84775-71-3	Bainbh (diúil agus scoite) de gach <i>Suidae</i>	—	—	116		
		Uimhir Chomhairle na hEorpa: 308	Gach muc le haghaidh atáirgeadh	—	—	170		
		Sonraíochtaí	Laonna lena ramhrú	6 mhí	—	291		
		Cion ábhair thirim: 1,79 % - 1,8 %	Caoirigh agus gabhair	—	—	256		
		Cion iomlán na bpolaifeanól ⁽²⁾ : ≤ 0,198 %	Eallaí lena ramhrú; athchogantaigh eile lena ramhrú seachas caoirigh,	—	—	256		

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg de bhreiseán/kg de bheatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
		<i>Modh anailíse</i> (*) Maidir le saintréithriú an bhreiseáin beathaithe: — Speictreafótaiméadracht chun cion iomlán na bpolaifeanól agus na bhflavónóideach a chinneadh; — Crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID) chun 1,8-ciniól, camfar, eistriogól agus meitileoganól a chinneadh; — Crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath mais-speictriméadrachta (GC-MS) chun eoigeanól a chinneadh; — Crómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta le brath speictreafótaiméadrach (UV) chun aigéad rosmairineach a chinneadh.	gabhair agus laonna lena ramhrú suas le 6 mhí; Camelidae lena ramhrú				4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don anáilú.	
			Gach athchogantach eile; gach <i>Camelidae</i> eile	—	—	166		
			<i>Eachainmhithe</i>	—	—	256		
			<i>Leporidae</i>	—	—	102		
			Salmainidí agus mionéisc eite	—	—	292		
			Madraí	—	—	307		
			Cait	—	—	256		
			Éisc ornáideacha	—	—	500		
			Speicis agus catagóirí eile	—	—	65		

(¹) *Natural sources of flavourings - Report No. 2* [Foinsí nádúrtha blastán – Tuarascáil Uimh. 2] (2007).
(²) Arna shloinneadh mar choibhéis d'aigéad gálach.
(³) Arna shloinneadh mar choibhéisí hipearóiside.
(⁴) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.